

SOBALSAOL

Pádraig Standún



Cló Iar-Chonnachta
Indreabhán
Conamara

An Chéad Chló 2005
© Cló Iar-Chonnachta 2005

ISBN 1 902420 92 6

Dearadh clúdaigh: Creative Laundry
Dearadh: Foireann CIC



Tugann Bord na Leabhar Gaeilge
tacaíocht airgid do Chló Iar-Chonnachta



Faigheann Cló Iar-Chonnachta cabhair airgid
ón gComhairle Ealaíon

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur: Cló Iar-Chonnachta, Indreabhán, Conamara
Teil: 091-593307 **Facs:** 091-593362 **r-phost:** cic@iol.ie
Priontáil: The Leinster Leader, An Nás, Co. Chill Dara.
Teil: 045-897302

Leabhair eile leis an údar céanna

Súil le Breith, Cló Chonamara, 1983

A.D. 2016, Cló Chonamara, 1988

Cíocras, Cló Iar-Chonnachta, 1991

An tAinmhí, Cló Iar-Chonnachta, 1992

Cion Mná, Cló Iar-Chonnachta, 1993

Na hAntraipeologicals, Cló Iar-Chonnachta, 1993

Stigmata, Cló Iar-Chonnachta, 1994

Saoire, Cló Iar-Chonnachta, 1997

Eaglais na gCatacómaí, Cló Iar-Chonnachta, 2004

I

Bhí an ghráin ag Mártan Mac Cormaic ar an gclog. Shamhlaigh sé a shaol amanta mar rás idir é féin agus an t-am. B'údar bróid dó gurbh é a bhuaigh an rás sin an chuid ba mhó den am, ach ba é an brú a bhain leis a chuir déistin air. Ní tuisce script amháin críochnaithe go raibh air ceann eile a thosú. Ní raibh briseadh ná scíth le fáil an chuid ba mhó den bhliain. Bhí an clár ar an aer trí oíche sa tseachtain. Bata agus bóthar a bhí i ndán don té nár éirigh leis cloí leis an sprioc.

Ceird chrua chruálach a bhí inti, ach b'ionann le druga í. 'Sobalcólaí' a bhí ann. Ba é a shaol agus a shaothar é. Ba thábhachtaí dó é ná bean nó clann. Nach é ba chúis lena phósadh titim as a chéile? Bhí sé meallta, tugtha, sáite, sníofa sa scríbhneoireacht faoi bhrú seo. Ba é a choinnigh fuil ina chuisle, anáil ina pholláirí.

Ruaig sé na smaointe sin as a intinn mar ní raibh am aige smaoinreamh ach ar an script a bhí le críochnú roimh a naoi a chlog. Bheadh cúpla uair an chloig eile fós ina dhiaidh sin aige dá mbeadh tuilleadh ama ag teastáil, ach bhí an líne sin tarraingthe dó féin aige. Thabharfadh sé sin am dó cúpla deoch a ól i gcuideachta an tí ósta. Theastaigh sé sin le néaróga an lae a mharú, nó ní bheadh codladh na hoíche aige, agus mír eile den dráma ag fanacht roimhe ar maidin.

Níor thug sé aird ar chlingeadh an teileafóin. Ní raibh am aige. Nuair a bhuaíl torann ceolmhar an fhóin i bpóca a sheaicéid, bhí a fhios aige gurbh í Justine a bhí ag glaoch. Le Cian a phiocadh suas ón scoil arís, is dóigh, a cheap sé. Bhuel, d'fhéadfadh sí a tóin féin a chur i ngiar agus é a dhéanamh. Ní raibh am aige, agus bhí sé déanta aige míle uair cheana.

Nach bhféadfadh a leannán nua é a dhéanamh? Ach ní

chuirfeadh sí am dochtúra amú. Sin a bhí cloiste aige: gurbh in an ‘cara’ nua a bhí aici, cé nach raibh a fhios ag Cian faoi, má b’fhíor dó féin. Foc í. Ba chuid den stair anois í. Ach Cian . . . Bhí sé sin difriúil. Ba é a chuid den saol é, a mhaicín bán. Níor theastaigh uaidh go mbeadh sé sin fágtha ina sheasamh sa bhfuacht taobh amuigh den scoil. Phioc sé suas an fón.

“Cá raibh tusa go dtí anois?”

“Bhfuil cead agam dul go dtí an leithreas?”

“Bhí sé thar am agat,” ar sí.

“Thar am le céard?”

“Dul go dtí an leithreas. Mar go bhfuil tú lán de chac.”

“Céard atá uait?” arsa Mártan. “Níl am agam le haghaidh ghiúmar an leithris.”

“Nach féidir leat é a chur i do script? Agus na dleachta a sheoladh chugam.”

“Táim ag seoladh an iomarca chugat mar atá mé,” ar sé go borb. “Anois, mura bhfuil aon rud ciallmhar le rá agat . . . ?”

“Agus cén chaoi a bhfuil tusa inniu?” a dúirt sí go searbhasach, “mura bhfuil a fhios agam ó do ghlór.”

“Táim faoi bhrú oibre. Tá script le críochnú agam, agus má theastaíonn uait am a chaitheamh ag caint seafóide, téirigh chuig do *shrink*.”

Thuig sé cén sáiteán a ghortódh í.

“I d’intinn atá sé sin ar fad. Níl aon rud idir mise agus Colm.”

“Cé mhéid dá chuid othar eile a thugann a ainm baiste air?”

“Ní bhíonn cúrsaí chomh foirmeálta sin sa lá atá inniu ann,” a d’fhreagair sí.

“Cibé cá bhfuil a chuid leighis aige, tá ag éirí leis de réir gach cosúlachta, mar is fada ó labhair tú liom gan gearán a dhéanamh.”

“Agus údar agam.”

“Mise is cúis le chuile rud atá tarlaithe eadrainn, ar ndóigh.”

“Bhí chaon duine againn ciontach.”

Bhris sí an tost a tháinig eatarthu. “Ar mhiste leat Cian a choinneáil don deireadh seachtaine iomlán?”

“Nach mbeidh sé agam Dé Sathairn, mar is iondúil?”

“Beidh, ach tá cuireadh agam in áit éicint.”

“Cén áit?”

“Ní bhaineann sé leat,” ar sí go héadrom.

“Beidh mé cruógach.”

“Shíl mé go dtaitneodh sé leat am a chaitheamh le do mhac.”

“Níor dhúirt mé nach dtógfainn é, ach go mbeinn cruógach.”

“Nílím ag iarraidh go mbeadh sé fágtha ag do mháthair.”

“Is í a Mhamó í,” arsa Mártan. “Mura bhfuil cead aici a garmhac a fheiceáil . . .”

“Ní hin atá i gceist agam ach nach bhfuil sí in ann anois chuige.”

“Tá cion an domhain aici air.”

“Tá, ach tá beagán *Alzheimers* nó rud mar sin anois uirthi.”

“Tá tú i do dhochtúir anois chomh maith le bheith i do bhanaltra? Nó an é Colm a d’aimsigh an galar sin?”

“Rinne do Mhama dearmad an uair dheireanach go raibh Cian sa teach in éindí léi,” arsa Justine. “Thit sí ina codladh, agus nuair a dhúisigh sí, cheap sí gur tusa a bhí ann. Mártan a thug sí air an chuid eile den lá.”

“Tuige nár dhúirt tú é sin liom cheana? Má tá sé fíor.”

“Rud ar bith a deirim leat faoi Chian, tá sé fíor.”

Labhair Justine sách íseal, béim aici ar chuile fhocal, “Cibé céard eile atá eadrainn, tá chaon duine againn ar mhaithe le Cian. Tá súil agam.”

“Tá. Ní thabharfaidh mé chuig mo mháthair níos mó é.”

“Tabhair, agus téirigh thú féin ann freisin in éindí leis. Tá sí ar bís le thú a fheiceáil. Tá do thuairisc á cur aici gach uair a thugaim cuairt uirthi. Ní dóigh liom go dtuigeann sí fós go bhfuilimid scartha.”

“Tá sí sórt dearmadach.”

“Tá, agus tá sé contúirteach go bhfuil sí fágtha léi féin. D’fhéadfadh sí an teach a lasadh nó rud ar bith.”

“Tabharfaidh mise aire do mo mháthair,” a dúirt Mártan go

mífhoighdeach, “agus tabharfaidh mé aire do Chian ag an deireadh seachtaine.”

Leag sé uaidh an fón. Uair an chloig eile cailte agam, ar sé leis féin. Ní hé go raibh sé an fhad sin ag caint le Justine, ach bhí a fhios aige nach mbeadh sé in ann aird iomlán a dhíriú ar a chuid oibre go ceann uair an chloig ar a laghad. Réitigh sé tae agus chaith sé toitín, gach nóiméad agus é ina shuí díomhaoin ina nóiméad eile cailte aige ón obair leanúnach mhíthrócaireach nár thug cead dó scíth a ligean.

Beidh mé ceart go leor, a dúirt Mártan leis féin, má bhím críochnaithe ag a deich. Agus cén dochar mura dtéim chuig an ósta ar chor ar bith anocht? Nach bhfuil neart le n-ól sa gcófra? Bhí a fhios aige go maith nach mar a chéile é, gur theastaigh cuideachta uaidh ar feadh tamaill den oíche tar éis dó an lá ar fad a chaitheamh leis féin ar aghaidh a phróiseálaí focal.

Bhí oícheanta ann, ar ndóigh, a d’oibrigh sé ar feadh na hoíche ar mhaithe le cloí le sprioc. Ach bhíodh sé tinn tuirseach lá arna mhárach, rud a chuirfeadh an chéad script eile ar an méar fhada. Ach dá dtiocfadh an chrú ar an tairne, d’fhéadfadh sé sin a dhéanamh. Smaoinigh sé go mbeadh air a leithéid a dhéanamh an tseachtain sin, anois go mbeadh lá breise le Cian ag fanacht leis.

Bheadh lá eile oibre curtha amú, ach b’fhiú é. Bhraith sé nár thug sé leath a dhóthain ama dó mar a bhí. Ní raibh cosc ag Justine air a mhac a fheiceáil, ach thit sé isteach i bpatrún a d’fheil dá chuid oibre. Sé lá ag obair agus lá díomhaoin. Mar Dhia sa mBíobla fadó, a smaoinigh sé, cé gurbh fhada eisean ón tseafóid sin i láthair na huaire.

Bhí Justine ag iarraidh air iarracht a dhéanamh do chéad Chomaoineach a mhic. B’fhéarr le Mártan gan bacadh, ach bhí Cian ag tnúth leis an lá mór agus bhí a fhios ag a athair ina chroí istigh nach bhféadfadh sé é a ligean síos. Céard a déarfais na *lads* sa teach ósta, ar sé leis féin, nuair a fheicfeas siad an mac drabhlásach ag filleadh ar an séipéal?

Bheadh am aige smaoinemh ar na rudaí sin nuair a bheadh

obair an lae déanta agus pionta mór ar an gcuntar os a chomhair. Shuigh sé síos ag an ríomhaire agus tháinig brionglóid na hoíche roimhe sin chun a chuimhne. Bhí sé i bpríosún den seandéanamh, an sórt a d’fheicfeá sna scannáin. Ach ní liathróid mhór iarainn a bhí ceangailte lena chos le slabhra ach ríomhaire, a bhí greamaithe lena rúitín le sreang leictreachais.

Caithfidh mé deis a fháil é sin a chur i script, a cheap sé. Ba bheag rud a tharla nach raibh úsáideach. Choinnigh sé a shúil in airde i gcónaí san óstán féachaint le smaoineamh nua, aicsean nua a aimsiú. Nuair a chonaic sé cailín óg ag glaoch ar an óstóir le fón póca oíche amháin le deoch a thabhairt síos chuici, choinnigh sé é sin i stór a intinne go dtí go raibh deis aige úsáid a bhaint as agus é a chur ar an scáileán.

Bhí sórt aiféala air go raibh a mhac féin á úsáid ar an gcaoi chéanna aige, le caint a chur i mbéal an chailín ba thaitneamhaí sa sobaldráma: girseach ocht mbliana d’aois. Bhí sise in ainm is a bheith ag réiteach dá céad Chomaoineach freisin, agus cheana féin bhí ceann de cheisteanna a mhic curtha ina béal aige: “Má bhainim greim as Íosa Críost nuair a bheas sé i mo bhéal agam, an dtosóidh sé ag béiceach agus ag screadaíl?”

Thaitin sé le Mártaan freisin gur ar éigean a bhreathnaigh Justine ar *Béal an Chuain* ní ba mhó. B’in é an clár teilifíse a raibh sé ag scríobh dó, agus ba bheag a tharla eatarthu nuair a bhíodar i mbun troda nach raibh ag tarlú anois idir na carachtair Jason agus Maria sa dráma. Bhíodar sin le scaradh gan mórán achair agus, iontas na n-iontas, bheadh Katie, a n-iníon, ag caitheamh sé lá den tseachtain lena máthair, agus lá lena hathair, a bhí ina iriseoir, mar dhea, sa nuachtán áitiúil.

Nuair a bhí sé tuirseach ba é ba mhó a tharraing Mártaan as stór a shaoil agus a thaithí féin. Anois bhí an carachtar Jason ina oifig sa nuachtán, an teileafón ag clingeadh agus gan aird aige air:

Cloistear torann an teileafóin phóca ansin. Tógann sé as póca a sheaicéid é agus breathnaíonn ar ainm an té atá ag glaoch. “Maria. Céard atá uaithi anois?” Leagann sé uaidh é. Casann

comhiriseoir, Michelle, óna ríomhaire, a cosa fada le feiceáil faoina mionsciorta, agus breathnaíonn air.

“Tá an iomarca le déanamh agam,” arsa Jason léi, an fón á leagan uaidh aige.

“Ach is í féin atá ann,” arsa Michelle.

“Níl am agam labhairt léi.”

“B’fhéidir go bhfuil sé tábhachtach?”

“Céard a d’fhéadfadh a bheith chomh tábhachtach sin?”

“Katie.”

Freagraíonn Jason an fón, “Céard atá uait?”

“Cá raibh tusa go dtí anois?”

“Bhfuil cead agam dul chuig an leithreas?”

“Bhí sé in am agat, agus tú lán de chac . . .”

Shuigh Márta siar agus las sé toitín. Bhí leis anois. Bhí go leor eile le déanamh aige as sin go dtí a naoi a chlog, ach bhí an bloc ina intinn curtha as an mbealach. Agus cé a rinne? Justine. Ní am amú a bhí ina glaoch ach beannacht a bhí ceilte air go dtí sin. Smaoinigh sé nach raibh rud ar bith ná duine ar bith ar an saol nárbh fhéidir a úsáid ar mhaithe lena cheird.

Rogha an dá dhíogha a bhí ann go minic idir scíth a ligean i lár a chuid oibre nó leanacht ar aghaidh go dtí go raibh sé críochnaithe. Ba mhinic a thug sos smaoinemh úr chun cuimhne, nach bhfaigheadh sé dá mba rud é gur choinnigh sé air ag scríobh leis gan stad i ndeatach stálaithe a chuid toitíní.

Ba é an rud ba lú a chuir bac air go minic, agus níor theastaigh ach cúpla focal le radharc a chur ar mhalairt treo. Bhíodh an chuid ba mhó den scéal oibrithe amach agus aontaithe cheana ag an bhfoireann, agus ba é a ghnó seisean feoil agus craiceann a chur ar na cnámha sin, i bhfoirm chomhrá agus aicsin. Ní raibh cead ag a leithéid athrú mór a dhéanamh ná carachtar a chur den saol gan cead ón gcuid eile, mar go raibh na haisteoirí faoi chonradh agus iad íoctha go maith.

Taobh amuigh de na constaicí sin, bhí cead a chinn aige, agus bhí cáil air mar dhuine a thug leis go cruinn caint na ndaoine san

óstán agus in áiteanna eile, lena cur i mbéal na gearachtar sa sobal. Deireadh sé go magúil gur scil agus samhlaíocht a bhí i gceist, ach bhíodh a chluasa bioraithe i gcónaí ar mhaithe le dea-chaint a bhreacadh síos.

Bhain sé taitneamh beagnach i gcónaí as na laethanta a tháinig an fhoireann scríbhneoirí ar fad le chéile, uair gach coicís nó mar sin. Ní hé nach mbíodh teannas eatarthu, agus argóintí móra go minic, faoin treo a raibh an príomhscéal ag dul, ach in ainneoin na gcoimhlintí eatarthu, bhíodh spraoi agus spórt acu go minic, ag spochadh as a chéile nó ag baint gáire as cora nua sna scéalta.

B'fhada le Mártaan go dtiocfadh na laethanta sin – agus an mhí úd sa samhradh a mbíodh Cian ag fanacht leis-sean amháin. Chaitheadh a mhac leath dá chuid laethanta saoire scoile lena athair, agus ní ghlacadh Mártaan le hobair ar bith ón gcriú teilifíse le linn an ama sin, ba chuma cén cruachás ina mbeidís.

Obair leanúnach leadránach a bhíodh ar siúl an chuid eile den bhliain, obair chrua faoi bhrú den chuid is mó, ach b'fhiú ar fad é ar mhaithe leis an am a chaith sé lena mhac, dóthain airgid saothraithe aige leis an mbeirt acu a thabhairt ar saoire faoi luí na gréine i bhfad ó bhaile.

Ba mhinic cloiste aige gur saol uaigneach a bhí i saol an scríbhneora agus é sin cruthaithe go maith ag a shaol féin. Eisceachtaí a bhí sna laethanta a tháingadar ar fad le chéile san óstán leis an sobalscéal a phlé agus a thabhairt ar aghaidh. Bhíodh idir fhir agus mhná, óg agus mheánaosta ann, agus nuair a bhí an obair déanta, ba leo an oíche.

Deireadh na stiúrthóirí i gcónaí gur theastaigh uathu an chuid ba mhó den obair a dhéanamh ar an gcéad lá, mar go mbíodh cloigne tinne ann an lá dár gcionn, agus ba bheag an mhaith teacht le chéile ar chor ar bith an tríú lá seachas mionphointí a phlé nó treoir a fháil ó lucht ceamara agus stiúrach.

Chuir na laethanta spraiúla sin a chaitheadar le chéile rudaí a bhí cloiste aige faoi aimsir chogaidh i gcuimhne dó. Ní hé go raibh cogadh ar bith feicthe ag Mártaan, ach chuala sé faoin tsaoirse a

tháinig as a bheith i ngan fhios faoin saol amach romhat, faoi bhás is faoi bheatha, faoi an mbeadh duine beo amárach nó nach mbeadh.

Ní raibh saol an sobalscríbhneora baileach chomh héiginnte sin, ach murar thug duine aire dá ghnó agus dá dhroim, bhí gach seans ann nach mbeadh cuireadh ar fáil chuig an chéad teacht le chéile eile. Bhí cúpla scór feicthe aige féin ag dul tríd an gcóras: cuid acu nach raibh cumas iontu; tuilleadh nár thaitin le stiúrthóir nó léiritheoir amháin ná eile; corrdhuine ligthe chun bealaigh de bharr nár bhaineadar le faisean ná le stíl na linne.

Bhí sé ag tnúth cheana féin leis an gcéad teacht le chéile eile mar go raibh cailín nua tagtha chuig an gcomhluadar, bean a bhí ciúin ach cumasach, a bhraith sé ón gcúpla smaoinemh a chaith sí ar bhord na díospóireachta go dtí sin. Ní raibh súile chomh donn sin feicthe aige i mbean ar bith riamh, an dath céanna lena cuid gruaige fada. Ar éigean a labhraíodar lena chéile fós, ach chas a súile ar a chéile roinnt uaireanta. Tá seans ansin agam, ar sé leis féin.

Níor éirigh leis í a dhíbirt óna chuid smaointe ó shin. B'fhéidir gurbh é nach raibh bean eile ina shaol go leanúnach, ach d'fhan an Sinéad seo i súil a chuimhne mar a bheadh pictiúr den Mona Lisa á thaispeáint ar scamall ó am go ham, agus á chur i bhfolach ansin nuair a bhreathnódh sé den dara huair. An raibh seans ar bith ann, a smaoinigh sé, go mbeadh sise ag cuimhneamh ormsa ar an gcaoi chéanna ag an am céanna? *Telepathy?*

Foc thú, arsa Mártan leis féin. Tá tú imithe ar fán ar bhóithríní na smaointe arís. D'fhéadfadh sé úsáid a bhaint as a bhrionglóid lae, ar ndóigh. Ní túisce an smaoinemh ina chloigeann ná gur thosaigh sé ar é a chur ar pháir. Seachas pictiúr de spéirbhean a chur in intinn Jason, an príomhcharachtar sa scéal, mhol sé go mbeadh a bhean Maria ag feiceáil íomhá fir a raibh súil aici air ag breathnú uirthi trí cheo scátháin nó trí fhuinneog siopa nó a bheith le feiceáil ar éigean ag bun an halla ina teach cónaithe.

Bhí fuadar faoi ansin ar feadh tamaill, é ag dul trí na radharcanna níos sciobtha ná mar a bhí súil aige leis. Ar aicsean

seachas ar chaint, ar aisteoireacht seachas ar chomhrá a chuireadh sé an bhéim, é ag fágáil faoin lucht féachana an scéal a léamh idir na línte chomh fada agus ab fhéidir leo. Chuir an léiritheoir nua, Micheline Néill, an-bhéim air sin, í an iomarca faoi thionchar ag sobail Mheiriceá agus Shasana, dar leisean, ach b'ann a bhí a hoiliúint agus a taithí faighte aici.

Ba bheag an mhaith a rá léi gur oibrigh an foirmle agus an patrún a bhí acu sular tháinig sise ar bord. Shíl sí go raibh míreanna a bhí feicthe aici ó na blianta a chuaigh thart i bhfad rómhall. Ach bhí greann agus dea-chaint ag baint leo, rud nach raibh mórán ama ann anois dó mar gheall ar luas an aicsin.

Nuair a luaigh sé féin ag ceann de na cruinnithe go raibh spéis á cailleadh ag lucht na Gaeltachta sa sobaldráma, d'iompaigh sí air agus dúirt go lom díreach gurbh as an nGaeltacht í féin agus, chomh fada is a bhain léise, gur aicsean agus buachaillí bó a thaitin le muintir na Gaeltachta riamh, fiú in aimsir na scannán dubh is bán. Fuairadar a ndóthain den dea-chaint sna tithe ósta agus ar an teallach. Is é sin, má theastaigh a leithéid uathu riamh, rud nár theastaigh ón aos óg, dar léi.

“Ní ar mhuintir na Gaeltachta atá sé seo dírithe,” a mhaígh sí, “ach ar phobal uilig na tíre, agus níos faide ó bhaile le fotheideil agus dubáil. Déan dearmad ar an nGaeltacht; táimid ag iarraidh maireachtáil sa saol réalaíoch.” Mar gur theastaigh ó Mhártan maireachtáil sa saol réalaíoch céanna sin, scríobh sé mar a theastaigh uathí, chomh fada agus a bhí sé in ann.

Chuir sí soir é nuair a thosaigh sí mar eagarthóir scrípte, mar go raibh sí ag gearán inniu go raibh a chuid scrípteanna rófhada, agus ansin nuair a thug sé aird uirthi, ag gearán go rabhadar róghiortach. Bhí cosúlacht ar an scéal le cúpla seachtain anuas go raibh ag éirí leis, mar nach raibh an oiread den pheann dearg le feiceáil ar na scrípteanna a tháinig ar ais le hathscríobh agus le ceartú.

Bean tharraingteach go maith a bhí inti, sna luath-thríoichaidí, a cheap sé, cé nach gcuirfeadh sé iontas air go raibh sí níos sine agus

éadanardú faighte aici sna Stáit Aontaithe. Bhreathnaigh a haghaidh mar a bheadh an craiceann tarraingthe, ach d'fhéadfadh sé gur mar gheall uirthi a bheith ramhar a bhí sí amhlaidh. ‘An Bhean Ramhar’ nó ‘BR’ a thug cuid de na scríbhneoirí uirthi eatarthu féin i dtéacsteachtairachtaí agus i meabhráin, cé nár mhaith le haon duine míniú fírinneach a thabhairt di ar na litreacha céanna.

Bhí a freagra tráthúil ag duine de na cailíní san oifig nuair a d'fhiafraigh an t-eagarthóir scrípte di cén chiall a bhí leis an ‘BR’ sin. “Shíleamar ón tús go raibh tú thar cionn,” ar sí, “*brilliant*, agus nuair nach raibh a fhios againn cén t-ainm a bhí ort, sin é a scríobhamar. Ní féidir é a scríobh ina iomlán ar chuile théacsteachtairacht, agus mar sin úsáidimid na ceannlitreacha.” Ghlac sí lena míniú, cé gur léir go raibh amhras uirthi.

“Ní bheidh mise sásta go bhfeicfidh mé a cluasa,” a dúirt Réamonn Ó Cadhain, duine eile de na scríbhneoirí. “Táim cinnte dearfa go bhfuair sí jab déanta ar a héadan nuair a bhí sí thall.”

“Nach leor breathnú ar a cuid fiacla?” a d'fhreagair Tomás Sheáinín, “mar a dhéanaidís leis na capaill fadó.”

“An fhad is nach suíonn sí síos orm,” arsa Réamonn.

“Suíodh sí ormsa am ar bith,” a dúirt a chara. Craic mar sin a bhíodh acu go minic i ndiaidh na gcruinnithe, agus bhíodh a leithéid i mbéal na gcarachtar uaireanta, sular tháinig Micheline. Chuir sise deireadh le gáirsiúlacht agus greann dá shórt. “Ní fheileann a leithéid don mhílaois nua,” a dúirt sí. Níor stop sé sin na buachaillí ó bheith ag caint mar sin eatarthu féin, ach choinníodar a leithéid as a gcuid scrípteanna.

Bhí sé ráite gur tháinig méadú ar an lucht féachana ó rinne Micheline na hathruithe seo, ach ba dheacair aon rud a chreidiúint i ré seo na fógraíochta agus an chaidrimh phoiblí. B'ionann an fhírinne, a cheap Máirtín, agus rud a bhí ráite a bheith fíor. Bhí togha an *PR* ag an ‘gcomhlacht’, mar a thugadar féin ar an ngrúpa uilechumarsáide a bhí os a gcionn, ar chuid bheag dá n-impireacht é déantús na scannán agus na sobaldrámaí.

Ní raibh tagairt riamh sna nuachtáin náisiúnta dá gelár nár dhúirt go raibh ag éirí thar cionn leis, cé go raibh na figiúirí sách íseal i ndáiríre, fiú i gcomparáid le cláir eile Ghaeilge ar an stáisiún céanna. D'fhéadfaí a rá gurbh amhlaidh a bhí an scéal i dtaobh an nuachtáin Ghaeilge sa gceantar: ní raibh an díol pioc níos airde ná an ceann a bhí ann roimhe, ach bhí caidreamh poiblí i bhfad níos fearr ag na foilsitheoirí. Bhí lámh ag iriseoirí raidió agus teilifíse ann agus é molta dá réir ar a gcuid clár.

D'fhéadfainn úsáid a bhaint as an líne sin, arsa Mártan ina intinn: níl fíor ach an rud a deir na meáin chumarsáide atá fíor. Scríobh sé síos é, agus bhreathnaigh air sular scrios sé arís é. Rópholaitiúil. D'fhéadfadh duine bata agus bóthar a fháil dá bharr. Dheifriugh sé ar aghaidh leis an radharc deireanach, agus bhí sé críochnaithe aige ar a cúig chun a naoi. É buaite uair amháin eile aige ar an gclog.